Gaelscoil na Cruaiche
(*Bunaithe*: 1995. *Príomhoide*: Mairéad Ní Ruáin)
Cathair na Mart, Contae Mhaigheo
Fón: 098 28121 Ríomhphost: cruaiche.ias@eircom.net
Suíomh idirlíne: gaelscoilnacruaiche.com

Polasaí Oideachas Chaidreamh & Gnéasachta

Réamhrá

Tá an polasaí O.C.G. curtha le chéile i bpáirtíocht le tuismitheoirí /caomhnóirí,an príomhoide,an foireann teagaisc agus an bord bainistíocht.Léiríonn an polasaí luachanna agus meoin na scoile.

Anam na Scoile:

Cruthaíonn an scoil anam ina mbraitheann na páistí fiúntas iontu féin,ina gcothaítear féin-mheas chomh maith le freagras,ina bhfuil omós agus cothrom na féinne do chách,ina mbítear ag súil le caighdeán ard agus ina dtugtar aitheantas agus moladh dá léithéid.Aithnitear uathúlacht gach páiste, láimhseáiltear coimhlintí le stuamacht, spreagtar dul chun cinn agus cruthaithaíocht, cothaitear suáilcí sóisialta,cathartha agus moráltachta agus tugtar aire do leas gach ball de chomhluadar na scoile.

Cad é Oideachas Caidreamh & Gnéasachta?

Tá O.C.G. mar chuid den Oideachas Sóisialta,Pearsanta agus Sláinte.Soláthraíonn O.C.G. deiseanna struchtúrtha do pháistí chun an t-eolas,an dearcadh,na luachanna,an creideamh agus na scileanna praicticúla a fhorbairt, atá riachtanach chun caidreamh pearsanta sláintiúil mar pháistí,agus ina dhiaidh sin,mar dhaoine fásta a bhunú agus a chothú.

Aidhmeanna an Oideachas Chaidreamh & Gnéasachta

1. Chun forbairt phearsanta,féin-mheas agus folláine an pháiste a chur chun cinn.
2. Chun tuiscint agus dearcadh folláin ar chollaíocht daonna i reimsí morálta,spioradálta agus sóisialta a chothú.
3. Tuiscint agus meas a fháil ar grá daonna agus dearcadh dearfach ar chaidreamh agus ar an gcollaíocht a thabhairt don pháiste.
4. Tuiscint bunúsach ar ghaol gnéasach,breith agus beatha nua.

Cuspóirí Ginearálta an O.C.G.

- A chuir ar chumas an pháiste eolas agus tuiscint a bhaint amach air/uirthi féin.
- Meas a shaothrú ar dhínit agus sainiúlacht daoine eile.
- Tuiscint ar nadúr, fás agus forbairt muintearas sa teaghlach,i measc cairde agus i

gcomhthéascanna níos leithne.

- Tuiscint go bhfuil cinéalacha difriúla teaghlaigh ann.
- Meas a spreagadh ar shaol an teaghlaigh agus freagracht tuismitheoireachta.
- Straitéisí a chothú le cinnithe a dhéanamh,fadhbanna a réiteach agus beartanna a dhéanamh i réimsí pearsanta,sóisialta agus sláinte.
- Scileanna pearsanta a chothú a chuideoidh le saothrú caidreamh folláine pearsanta.
- Straitéisí a chothú chun an páiste féin agus daoine eile a chosaint ó chinéalacha éagsúla drochíde,chomh maith le saothrú scileanna cumarsáide agus caidreamh.
- Foclóir cuí a fhoghlaim chun mothúcháin,collaíocht agus teacht in inmhe(maturity) a phlé.

O.C.G. i gComhthéasc O.S.P.S.

Beidh O.C.G. ina chuid thábhachtach den Oideachas Sóisialta,Pearsanta agus Sláinte,mar a bheidh chomh maith oideachas sa chosaint ar mhí-úsáid ar pháistí,oideachas in úsáid/mí-úsáid substaintí,sa chothú agus sláinteachas.

Tá ***dhá snáith*** sa churaclam O.C.G.

- **Mé Féin**
- **Mé Féin agus Daoine Eile.**

Faoi na ***snáitheanna*** seo tá na téamaí leagtha amach i ***snáithaonaid.***

Snáitheanna:	**Snáthaonaid:**
1.Mé Féin:	Féin Aithne Ag Tabhairt aire do mo Chorp Ag Fás agus ag Athrú Sábháltacht & Cosaint Ag Déanamh Cinntí
2.Mé Féin & Daoine Eile:	Mise & Mo Theaghlach Mo Chairde & Daoine Eile Caidreamh le Daoine Eile.

De na snáthaonaid thuas tá péire gaolta go díreach le O.C.G:

(ii) Ag Tabhairt aire do mo Chorp.
(iii) Ag Fás & ag Athrú.

Tá ábhar ‘sexually sensitive’ le tabhairt faoi sna snáithaonaid seo.
Seo a leanas ábhar do na ranganna éagsúla:

Naíonáin Shóisir/Shinsir:	ag ainmniú baill coirp baineann/fireann. ag úsáid téarmaíocht cuí. *Na téarmaí **péineas** agus **faighin (**vagina).An téarma **broinn** (womb).* *An téarma **uiréadra** (urethra) ag miniú an difríocht fisiciúil idir buachaill agus cailín.* *Is féidir an téarma cothú **cíche** (breastfeeding) a úsáid sa gcaint*.
Rang a haon/dó:	ag ainmniú baill coirp baineann/ fireann agus ag cuir síos ar chuid de na húsaidí a bhaineann leo. Ag úsáid téarmaíocht cuí. ***Péineas** agus **úiréadar** múinte i dtaobh fual (urinating) a dhéanamh.*
Rang a trí/ceathair:	plé a dhéanamh ar chéimeanna forbartha agus fás an linbh sa bhroinn. ***Féatas** (foetus)* ***Corda imleacán** (umbilical cord), **imleacán** (naval)* *Fás agus forbairt an **féatas** sa **bhroinn** thar 9 mí.*
Rang a 5 & 6	**Caithreachas**(puberty). Múintear **caidreamh collaí** (sexual intercourse) agus **ginneadh (**birth) taobh istigh de chaidreamh ghrámhar (R6).

I rang a cúig is féidir leis an múinteoir na leathanaigh ón leabhar O.C.G. a dhéileáileann le caithreachas agus caidreamh collaí a chóipeáil agus a sheoladh amach chuig na tuismitheoirí sula dtugtar faoi na ceachtanna a dhéanamh leis an rang.

I rang a 6 déanfar ath-bhreathnú ar an méid a deanú i rang a 5.
Clúdaitear clár rang a 6 mar atá sé leagtha amach sna leabhair O.C.G. Chomh maith leis seo tugtar isteach aoichainteoir-An t-Uasal Cearnaigh- chun labhairt leis an rang agus an méid atá déanta sa scoil a threisiú. Beidh dhá oíche i gceist-an chéad oíche do thuismitheoirí an ranga agus an dara oíche do thuistí agus daltaí. Tarlaíonn sé seo i dtreo deireadh na bliana.

Treoireacha le haghaidh riaradh & eagrú O.C.G.

- Tuigtear gurbh iad na tuismitheoirí teagascóirí príomha a bpáistí agus go bhfuil muide,na múinteoirí,ag obair i ról tacúil.
- Clúdófar cuspóirí an chláir iomlán ó rang naíonáin bheaga go dtí rang a sé.
- Aithneófar go bhfuil sé go cheart ag múinteoir seasamh siar ó mhúineadh an

t-ábhar '*sexually sensitive*'.Sa chás go dtarlaíonn sé seo d'fheadfadh múinteoir eile on bhfoireann an t-ábhar a mhúineadh.

- Má thugtar aoichainteoir isteach, cuirfear an teagascóir seo in aithne do na tuismitheoirí. Caithfidh sé/sí cloí leis an gcuraclam.
- Tá sé de cheart ag tuismitheoirí a bpáiste/í a tharraingt ón ábhar ar an dtuiscint go bhfuil siadsan freagrach as an ghné seo de oideachas a bpáiste(í). Tá sé de dhualgas ar na tuismitheoirí an scoil a chuir ar an eolas faoin gcinneadh atá déanta acu, i bhfoirm scribhinn. Iarrtar ar na tuismitheoirí seo, dul i dteangmháil leis an bpríomhoide.
- Ní ghlacann an scoil freagracht as eolas ar bith,a fhaigheann páiste taobh amuigh den seomra ranga.
- Seolfar litir amach chuig tuistí cailíní rang 4-6 á gcur ar an eolas faoi chosaint sláintíochta agus boscaí sláintíochta atá sa scoil.

Eolas do thuismitheoirí

Ag tús na scoil bhliana cuirfear in iúl do thuismitheoirí, i bhfoirm scríte, na ceachtanna a bheidhis á gclúdú sa chlár O.C.G. don bhliain. Beidh deis ag tuismitheoirí mar phríomhoideoirí, ceisteanna O.C.G. a phlé lena bpáistí. Gheobhaidh na tuismitheoirí fógra sula múinfear na ceachtanna a bhaineann go díreach le oideachas collaíochta. Tá an nasc scoil/baile atá le fáil sna ceachtanna OCG curtha suas ar shuíomh na scoile ionas go mbeidh na tuismitheoirí in ann plé a dhéanamh lena bpáistí faoin méid atá sna ceachtanna. Cuirfear daltaí, nach mbeidh ag glacadh páirt san oideachas collaíochta (ar chinneadh a dtuistí), go dtí rang eile agus tabharfaidh siad faoi obair ranga eile.

Ag déileáil le ceisteanna

Fáilteófar roimh cheisteanna ó na páistí a bhaineann le ábhar an chlár atá á mhúineadh. Má tá ceist ag dalta nach gceapann an múinteoir atá feiliúnach le freagairt mar go bhfuil sé taobh amuigh de ábhar an cheachta d'fhéadfadh an múinteoir, tuismitheoir an pháiste a chur ar an eolas. Freagrófar ceisteanna i gcónaí ar bhonn fírinneach agus feiliúnach do aois an pháiste.

Achmhainn múineadh an O.C.G.

- Ábhar Achmhainní don Oideachas Chaidreamh & Gnéasachta (N.Bh.-R.a 6)
- Curaclam na Bunscoile:
  - (I)Treoirlínte do Mhúinteoirí
  - (ii)Oideachas Sóisialta & Sláinte.
- Resource pack for Relationship & Sexuality Education in Primary Schools.(PCSP)
- Babóga anatomical.

Athbhreithniú agus monatóireacht

Déanfaidh Bord Bainistíochta Gaelscoil na Cruaiche athbhreithniú agus monatóireacht ar an bpolasaí go bliaintiúil. Cinnteoidh an Bord Bainistíochta go bhfaighidh na múinteoirí an tacaíocht agus traeineáil cuí.

<u>Daingniú</u>

Dhaingnigh Bord Bainistíochta Gaelscoil na Cruaiche an polasaí seo i mí Feabhra 2020. Déanfar athbhreithniú rialta air.

Síniú an Chathaoirligh: _____ Dáta: _____

Síniú an Phríomhoide: _____ Dáta: _____